# AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ

# RÁITIS AIRGEADAIS DON BHLIAIN DÁR CRÍOCH 31 NOLLAIG 2021

**AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ**

---

**ÁBHAR**


| | **LEATHANACH** |
|---|---|
| FAISNÉIS | 3 |
| RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN COIMISIÚIN | 4 - 9 |
| RÁITEAS AR RIALÚ INMHEÁNACH | 10 - 13 |
| TUARASCÁIL AN ARD-REACHTAIRE CUNTAS & CISTE | 14 - 15 |
| RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ CÚLCHISTE IONCAIM | 16 |
| RÁITEAS UM IONCAM CUIMSITHEACH | 17 |
| RÁITEAS FAOIN SEASAMH AIRGEADAIS | 18 |
| RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID | 19 |
| NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS | 20 - 38 |

## AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ

### FAISNÉIS

---

| | |
|---|---|
| **Comhaltaí an Choimisiúin:** | Jeremy Godfrey – Cathaoirleach<br>Patrick Kenny<br>Brian McHugh<br>Úna Butler |
| **Seoladh an Choimisiúin:** | Teach Bloom<br>Sráid an Iarnróid<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Cuntasóirí:** | Crowleys DFK<br>16/17 Faiche an Coláiste<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Iniúchóirí:** | An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste<br>3A Sráid an Mhéara Uachtarach<br>Baile Átha Cliath 1 |
| **Suíomh Greasáin:** | www.ccpc.ie |

**AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ**

**RÁITEAS RIALACHAIS AGUS TUARASCÁIL CHOMHALTAÍ AN COIMISIÚIN**

---

## Rialachas

Bunaíodh Bord an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (dá dtagraítear dó mar an Coimisiún) faoin Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014 (Acht 2014).

Is é an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí (CCPC) an comhlacht reachtúil atá freagrach as an dlí um iomaíocht agus cosaint tomhaltóirí a chomhlíonadh, a chur chun cinn agus comhlíonadh a fhorfheidhmiú nuair is gá. Déanann an CCPC a dhícheall leas tomhaltóirí a fheabhsú ar fud an gheilleagair trí 40 ionstraim reachtach a fhorfheidhmiú, lena náirítear reachtaíocht um shábháilteacht táirgí.

Is é an aidhm atá ag an CCPC go bhfeidhmeodh margaí ar bhealach níos fearr do thomhaltóirí. D'fhonn é sin a bhaint amach, oibríonn an CCPC chun tionchar a imirt ar an díospóireacht phoiblí agus ar bheartais a fhorbairt, tuiscint an phobail a mhéadú faoin tábhacht a bhaineann le margaí oscailte agus iomaíocha, iomaíocht a chur chun cinn agus aird a tharraingt ar leasanna tomhaltóirí.

Cuireann an CCPC eolas ar fáil do thomhaltóirí maidir leis na cearta atá acu, airgead pearsanta agus sábháilteacht táirgí, trí líne chabhrach do thomhaltóirí, cuid ar leith dár láithreán gréasáin ccpc.ie, feachtais fheasachta pobail agus trí na tionscnaimh oideachais airgeadais éagsúla atá againn.

Tá róil reachtúla ag an CCPC i ndáil le Réiteach Díospóide Malartach, idirghabhálaithe creidmheasa agus rialú a dhéanamh ar chaidrimh ghnó san earnáil ghrósaeireachta.

Tá an Coimisiún freagrach don Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus is é atá freagrach as a chinntiú go ndéantar dea-rialachas. Tugann sé faoin tasc seo trí chuspóirí agus spriocanna straitéiseacha a leagan amach agus cinntí straitéiseacha a ghlacadh maidir le gach príomhshaincheist gnó. An Cathaoirleach, Comhaltaí an Choimisiúin agus an fhoireann bainistíochta sinsearaí atá freagrach as an CCPC a bhainistiú, a rialú agus a threorú ó lá go lá.

## Freagrachtaí an Choimisiúin

Leagtar amach obair agus freagrachtaí an Choimisiúin i nósanna imeachta doiciméadaithe, ina bhfuil na nithe a fhorchoimeádtar go sonrach do chinneadh Coimisiúin mar a leagtar amach in Alt 10 (7) d'Acht 2014 i.e. feidhmeanna nach féidir leis an gCoimisiúin a tharmligean. I measc na mbuan-nithe a bhreithníonn an Coimisiún, tá:

- tuarascálacha ó choistí,
- tuarascálacha airgeadais,
- cinntí foirmeálta an Choimisiúin,
- dearbhú leasanna,
- tuarascálacha ó rannáin, agus
- cúrsaí forchoimeádta.

Ceanglaítear faoi Alt 31 d'Acht 2014 ar an gCoimisiún chun gach cuntas cuí agus rialta a choimeád ar airgead a fuair sé nó a chaith sé, i cibé foirm a fhaomhfaidh an tAire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta, le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Agus na ráitis airgeadais seo á n-ullmhú, ceanglaítear ar an gCoimisiún:

- polasaithe cuntasaíochta oiriúnacha a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go seasta,
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnach agus stuama,
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn gnóthas leantach, mura bhfuil sé iomchuí chun a thoimhdiú go leanfaidh sé i mbun feidhme, agus
- A lua cibé acu ar cloíodh nó nár cloíodh leis na caighdeáin chuntasaíochta infheidhme, faoi réir aon imeachtaí ábhartha a nochtar agus a mhínítear sna ráitis airgeadais.

Tá an Coimisiún freagrach as taifid chuntasaíochta leordhóthanacha a choimeád a nochtann, go réasúnta cruinn ag aon tráth ar bith, a staid airgeadais agus a chuirfidh ar a chumas a chinntiú go bhfuil na ráitis airgeadais mar atá dlite faoi Alt 31 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014. Is ar an gCoimisiún a leagtar an fhreagracht maidir le heolas corparáide agus faisnéis airgeadais a chur ar fáil ar láithreán gréasáin an CCPC agus maidir le hiomláine an ábhair sin.

Is é an Coimisiún atá freagrach as an bplean agus buiséad bliantúil a cheadú. Pléitear athbhreithniú maidir le feidhmíocht an CCPC trí thagairt a dhéanamh don phlean agus don bhuiséad bliantúil go rialta ag cruinnithe an Choimisiúin.

Tá an Coimisiún freagrach, chomh maith, as a shócmhainní a chosaint agus, dá bhrí sin, as dul i mbun bearta réasúnta chun cosc a chur ar chalaois agus ar neamhrialtachtaí eile nó iad a bhrath.

Measann an Coimisiún go dtugann ráitis airgeadais an CCPC léargas fíor agus cothrom ar fheidhmíocht airgeadais agus ar staid airgeadais an CCPC amhail an 31 Nollaig 2021.

**Struchtúr an Choimisiúin**

Tá an CCPC comhdhéanta de Chathaoirleach agus suas le seisear comhaltaí, agus tá siad sin go léir ceaptha ag an Aire Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta ar feadh téarma nach sáraíonn cúig bliana. Is féidir comhaltaí an Choimisiúin a athcheapadh ar feadh tréimhse cúig bliana breise le cead ón Aire. Ní féidir comhaltaí an Choimisiúin a cheapadh do níos mó ná dhá théarma. Tá an Cathaoirleach freagrach as reáchtáil na heagraíochta agus as rialachas corparáideach. Faigheann an Cathaoirleach cúnamh ó thaobh bainistíochta, rialú agus treorú an CCPC ó na Comhaltaí agus ó fheidhmeannaigh sinsearacha eile. Tagann an Cathaoirleach agus na Comhaltaí le chéile chun Coimisiún coláisteach cinnteoireachta a bhunú chun príomhchinntí reachtúla a dhéanamh, chomh maith lena ndualgais ar leith lánaimseartha féin a bheith acu.

Bíonn dhá chruinniú in aghaidh na míosa sceidealaithe ag an gCoimisiún. Chomh maith leis sin, sceidealaítear cruinnithe Ad Hoc i gcás go dtagann nithe chun cinn lena mbaineann práinn, atá forchoimeádta don Choimisiún agus nach féidir a tharmligean agus/nó nuair atá tréimhsí reachtúla i gceist. Samplaí a bheadh i gcinntí maidir le cumaisc Chéim 2, cumhachtaí forfheidhmithe nó iarrataí ar chomhoibriú ó ghníomhaireachtaí coimhthíocha. Leagtar amach sa tábla an tréimhse cheapacháin do na comhaltaí reatha:

| Comhalta Boird | Ról | Dáta an Cheapacháin |
|---|---|---|
| Jeremy Godfrey | Cathaoirleach | 1ú Eanáir 2022 |
| Patrick Kenny | Comhalta | 10ú Eanáir 2022 (dáta athnuaite) |
| Brian McHugh | Comhalta | 1ú Meán Fómhair 2017 |
| Úna Butler | Comhalta | 10ú Eanáir 2022 |
| Isolde Goggin | Iar-Chathaoirleach: | Téarma dar críoch 3ú Deireadh Fómhair 2021 |
| Fergal O'Leary | Iar-Chomhalta | Téarma dar críoch 17ú Iúil 2021 |
| Conor Blackwell | Iar-Chomhalta | Téarma dar críoch 9ú Eanáir 2022 |

Tá **Coiste Iniúchta agus Riosca** bunaithe ag an gCoimisiún.

Cuimsíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca Cathaoirleach agus triúr comhaltaí (ar comhaltaí seachtracha/neamhspleácha iad beirt díobh). Is é ról an Choiste Iniúchta agus Riosca (ARC) ná tacaíocht a thabhairt don Choimisiún maidir lena chuid freagrachtaí i ndáil le saincheisteanna a bhaineann le riosca, rialú agus rialachas. Tá an CIR neamhspleách ó bhainistíocht airgeadais na heagraíochta. Go sonrach, cinntíonn an Coiste go ndéantar monatóireacht ghníomhach agus neamhspleách ar na córais rialaithe inmheánaigh, lena n-áirítear gníomhaíochtaí iniúchóireachta. Tuairiscíonn an ARC chuig an gCoimisiún i ndiaidh gach cruinnithe, agus go foirmeálta i scríbhinn uair sa bhliain.

Is iad a leanas comhaltaí an Choiste Iniúchta agus Riosca: Conor Blackwell (Cathaoirleach seachtrach)[1], Patrick Kenny (inmheánach), Jimmy Murphy (seachtrach) agus Carmel Foley (seachtrach). Bhí 4 chruinniú ag an ARC le linn 2021.

**Sceideal Tinrimh, Táillí agus Costas**

Leagtar amach thíos sceideal freastail ag cruinnithe an Choimisiúin agus an Choiste don bhliain 2021 lena n-áirítear táillí agus costais a fuair gach comhalta:

| | **An Coimisiún Coiste** | **An Coiste Iniúchóireachta** | **Tuarastail * 2021** € | **Táillí 2021 (íoctha go bliantúil i riaráiste)** € | **Costais i ndáil le freastal ar chruinnithe de chuid an Choimisiúin 2021** € |
|---|---|---|---|---|---|
| Líon na gcruinnithe | 26 | 4 | | | |
| Isolde Goggin | 20/20 | - | 162,922 | - | - |
| Patrick Kenny | 25/26 | 2/2 | 147,041 | - | - |
| Fergal O'Leary | 14/16 | 2/2 | 89,718 | - | - |
| Brian McHugh | 26/26 | - | 147,041 | - | - |
| Conor Blackwell | 6/6 | 3/4 | 6534 | 1,610 | - |
| Jimmy Murphy | - | 4/4 | - | 848 | - |
| Carmel Foley | - | 4/4 | - | - | - |
| | | | 553,256 | 2,458 | - |

* Ní fhaigheann comhaltaí an Choimisiúin táillí mar nach comhaltaí seachtracha (páirtaimseartha) iad ach tá siad fostaithe ina gComhaltaí de Bhord Feidhmiúcháin an CCPC ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta.

**Athruithe ar an bPríomhphearsanra**

Tháinig deireadh le téarma Fergal O'Leary mar Chomhalta ar an 17ú Iúil 2021. Ceapadh Conor Blackwell mar Chomhalta sealadach ón 1 Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 9ú Eanáir 2022 agus níor fhreastail sé ar chruinniú an ARC le linn dó a bheith ina Chomhalta. Chuaigh Isolde Goggin ar scor mar Chathaoirleach ar an 3 Deireadh Fómhair 2021. Chuir Jeremy Godfrey tús lena théarma mar Chathaoirleach ar an 1ú Eanáir 2022. Chuir Úna Butler tús lena téarma mar Bhall den CCPC ar an 10ú Eanáir 2022.

1 Sannadh Conor Blackwell go sealadach mar Bhall den CCPC ag an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta ón 1ú Deireadh Fómhair 2021 go dtí an 9ú Eanáir 2022.

**Nochtadh a cheanglaítear sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016)**

An Coimisiún atá freagrach as a chinntiú gur chomhlíon an CCPC ceanglais an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Ceanglaítear an nochtadh seo a leanas leis an gCód:

**Briseadh síos ar na Sochair Ghearrthéarma d'Fhostaithe**
Leagtar amach sochair ghearrthéarmacha de bhreis ar €60,000 i Nóta 5 leis na ráitis airgeadais.

**Costais Sainchomhairleoirlachta**

Áirítear leis na costais sainchomhairleoireachta costas comhairleachta seachtraí don bhainistíocht agus ní cuimsítear leo feidhmeanna seachfhoinsithe gur gnáthghnó na heagraíochta iad.

| | **2021**<br>**€** | **2020**<br>**€** |
|---|---|---|
| Comhairle dhlíthiúil | 266,525 | 36,697 |
| Comhairle eacnamaíochta | 67,519 | 217,348 |
| Comhairleoireacht TF | 179,226 | 1,634 |
| Eile | 20,004 | 11,527 |
| Costais sainchomhairleoireachta iomlána | **533,274** | **267,206** |
| | | |
| Costais sainchomhairleoireachta caipitlithe | - | - |
| Costais sainchomhairleoireachta a gearradh ar an Ráiteas Ioncaim agus Cúlchiste Ioncaim | 533,274 | 267,206 |
| Iomlán | **533,274** | **267,206** |

**Costais agus Socraíochtaí Dlí**

**Sa tábla thíos soláthraítear miondealú ar mhéideanna a aithníodh mar chaiteachas sa tréimhse tuairiscithe i ndáil le costais dhlíthiúla, socraíochtaí agus imeachtaí idir-réitigh agus eadráin i ndáil le conarthaí le tríú páirtithe. Ní chuimsítear caiteachas a tabhaíodh maidir le comhairle ginearálta dlí a fuair an Coimisiún agus a nochtaítear sna costais chomhairleoireachta thuas.**

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Costais dlí - forfheidhmiú | 24,643 | 47,829 |
| Íocaíochtaí comhréitigh agus eadrána | - | - |
| Socraíochtaí | - | - |
| Iomlán | 24,643 | 47,829 |

**Caiteachas Taistil agus Cothabhála**

**Tá caiteachas taistil agus cothaithe catagóirithe mar a leanas:**

| | 2021<br>€ | 2020<br>€ |
|---|---|---|
| Intíre | | |
| - An Coimisiún * | - | - |
| - Fostaithe | 26,021 | 21,182 |
| Idirnáisiúnta | | |
| - An Coimisiún * | - | 1,013 |
| - Fostaithe | 1,432 | 20,444 |
| Iomlán | 27,453 | 42,639 |

*** Níor íocadh aon chostais taistil agus chothaithe go díreach le Comhaltaí an Choimisiúin nó thar a gceann in 2021 (2020 €1,013). Tá miondealú de na costais i measc Chomhaltaí an Choimisiúin i Nóta 5 leis na ráitis airgeadais.**

Caiteachas Fáilteachais

Áirítear an caiteachas fáilteachais a leanas sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas:

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| Fáilteachas foirne agus corparáide | 420 | 311 |
| Fáilteachas cliant | | |
| Iomlán | 420 | 311 |

Ráiteas Comhlíonta

Tá an Cóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód") glactha ag an gCoimisiún, arna fhoilsiú ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe i mí Lúnasa 2016. Tá nósanna imeachta i bhfeidhm ag an gCoimisiún chun a chinntiú go bhfuil an Cód á chomhlíonadh agus chloígh an Coimisiún leis an gCód don bhliain 2021.

Foráiltear leis an gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú gur féidir le gníomhaireachtaí Stáit comhaontú a lorg óna nAire/máthair-Roinn ábhartha maidir le forálacha a féidir a chur i bhfeidhm go cuí chun a úsáidte acu féin. Scríobh an Coimisiún chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) ina leith sin agus fuair sé soiléiriú agus comhaontú maidir lena leanas:

- Forálacha maidir le ról an Bhoird, ról an Chathaoirligh agus ról chomhaltaí an Bhoird Tá struchtúr maoirseachta an Choimisiúin neamhghnách. Níl aon struchtúr Boird ann. Glacann an Coimisiún ról comhchoiteann Boird air féin agus glacann an Cathaoirleach ról oifigeach cuntasaíochta air féin. Mar sin, chomh maith lena dhualgais mar "Bhord" a dhéanamh tugann an Coimisiún faoi fheidhmeanna feidhmiúcháin freisin.

[redacted]

Jeremy Godfrey
Cathaoirleach

[redacted]

Brian McHugh
Comhalta

Dáta: 24 Meitheamh 2022

## SCÓIP NA FREAGRACHTA

Thar ceann an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, aithnímid go bhfuil an Coimisiún freagrach as a chinntiú go bhfuil córas éifeachtach de rialú inmheánach airgeadais á chothabháil agus á oibriú aige. Cuirtear san áireamh leis an bhfreagracht sin na ceangaltais faoin gCód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (2016).

## CUSPÓIR AN CHÓRAIS UM RIALÚ INMHEÁNACH

Tá an córas Rialaithe Inmheánaigh leagtha amach chun riosca a bhainistiú a d'fhágfadh an riosca ar leibhéal inseasta seachas a bheith in ann a chur ar neamhní ar fad. Ní fhéadfaidh an córas ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, go bhfuil idirbhearta údaraithe agus taifeadta go cuí, agus go seachnaítear earráidí agus mírialtachtaí ábhartha nó go n-aimseofaí iad go tráthúil.

Bhí an córas Rialaithe Inmheánaigh, atá i gcomhréir leis an treoir a d'eisigh an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, i bhfeidhm sa CCPC don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 agus chomh fada leis an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais.

## AN ACMHAINN DÉILEÁIL LE RIOSCA

Cuimsíonn an Coiste Iniúchta agus Riosca Cathaoirleach agus triúr comhaltaí (ar comhaltaí seachtracha/neamhspleácha iad beirt díobh). Tháinig an ARC le chéile 4 uair sa bhliain in 2021.

Tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí atá comhdhéanta go cuí ag an gCoimisiún a bhfuil acmhainní leordhóthanacha aici agus lena ndéantar clár oibre arna chomhaontú leis an ARC. Feidhmíonn an fheidhm iniúchta inmheánaigh de réir an Chóid Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú (arna leasú sa bhliain 2016). Tá obair an iniúchóra inmheánaigh sheachfhoinsithe agus obair an Choiste Iniúchta agus Riosca mar bhonn eolais d'fhaireachas agus d'athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht na gcóras Rialaithe Inmheánaigh. Tugadh faoi na hathbhreithnithe seachtracha seo a leanas sa bhliain 2021:

- Athbhreithniú ar Éifeachtacht na Rialuithe Inmheánacha;
- Comhlíonadh na Bainistíochta Doiciméid;
- Córais TF agus Slándáil;
- Bainistíocht ar iarratais um Shaoráil Faisnéise;
- Athbhreithniú Párolla;
- Athbhreithniú leantach i ndáil leis na moltaí a rinneadh in athbhreithnithe roimhe seo ar iniúchadh inmheánach.

Tá beartas bainistithe riosca ceaptha ag an gCoimisiún ina leagtar amach a fhonn riosca agus na próisis bhainistithe riosca atá i bhfeidhm, agus ina mionsonraítear róil agus freagrachtaí na foirne i ndáil le riosca. Eisíodh an beartas ar an bhfoireann ar fad chun an bhainistíocht a chur ar an airdeall faoi rioscaí atá ag teacht chun cinn agus faoi laigeachtaí maidir le rialú. Déanann an Coimisiún athbhreithniú ar an mbeartas sin go tréimhsiúil agus, sa chás go gceadaítear leasaithe, cuirtear faoi bhráid Choiste Iniúchta agus Riosca an CCPC é lena athbhreithniú.

## AN CREAT RIOSCA AGUS RIALAITHE

Tá córas bainistíochta riosca curtha i bhfeidhm ag an CCPC agus leis an gcóras sin sainaithnítear agus déantar tuairisciú ar phríomhrioscaí agus gníomhaíochtaí bainistithe atá á ndéanamh le dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, sa mhéid is féidir, chun na rioscaí sin a mhaolú.

Tá clár rioscaí i bhfeidhm ina sainaithnítear na príomhrioscaí a gcaithfidh an CCPC aghaidh a thabhairt orthu agus sainaithníodh na rioscaí sin, agus rinneadh measúnú agus grádú orthu de réir na tábhachta a bhaineann leo. Déanann an Coimisiún an clár a athbhreithniú agus a uasdátú ar bhonn ráithiúil de ghnáth, is ar bhonn míosúil a dhéantar an t-athbhreithniú ar an gclár seo i láthair na huaire, áfach, mar thoradh ar an bhfreagra ar phaindéim COVID-19. Sonraíonn an clár riosca na rialuithe agus na gníomhartha is gá chun rioscaí a mhaolú, chomh maith leis an bhfreagracht a shanntar don fhoireann ar leith maidir le hoibriú rialuithe.

Cuirtear an Clár Riosca Corparáideach is cothroime le dáta ar fáil roimh gach cruinniú den Choiste Iniúchta agus Riosca, chomh maith le meamram ina léirítear aon athruithe agus an réasúnaíocht leis na hathruithe sin.

Tá na córais Rialaithe Inmheánaigh bunaithe ar chreat d’fhaisnéis rialta bainistithe, córas tarmligthe agus cuntasachta, sraith nósanna imeachta airgeadais, nósanna imeachta riaracháin, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus dian-seiceálacha leanúnacha ag an bhfeidhm airgeadais.

Dearbhaímid go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm a bhfuil na nithe seo a leanas mar chuid de:

- Córas buiséadaithe cuimsitheach de bhuiséad bliantúil arna athbhreithniú agus arna cheadú ag Comhaltaí an Choimisiúin.
- Leagtar síos teorainneacha údaraithe chun cistí an Choimisiúin a eisíoc.
- Athbhreithniú rialta ag Comhaltaí an Choimisiúin ar fhaisnéis agus tuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla ar chúrsaí airgeadais (lena n-áirítear cuntais bhainistíochta), a thugann léiriú ar fheidhmíocht airgeadais in aghaidh bhuiséid.
- Tá freagrachtaí soiléire bainistíochta ann, lena n-áirítear freagrachtaí airgeadais atá sannta agus cuntasacht chomhfhreagrach ag gabháil leo;
- Tá beartais agus nósanna imeachta ann do gach príomh-phróiseas gnó, a ndéantar athbhreithniú rialta orthu;
- Faireachas agus tuairisciú ar phróisis maidir le rialú inmheánach, lena n-áirítear Ráiteas um Dhearbhú Bliantúil arna chomhlánú ag Stiúrthóirí/Cinn Aonad;
- Tá sásraí agus córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras Teicneolaíochta Faisnéise agus Cumarsáide (TFC) a áirithiú;
- Tá nósanna imeachta foirmiúla ann chun faireachas a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí agus chun sócmhainní na heagraíochta a chosaint agus;
- Déantar íocaíocht thuarastail an CCPC a eagrú tríd an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte (NSSO) agus tá sí á clúdach ag an gComhaontú Bainistithe Seirbhísí Fostaithe idir an NSSO agus máthair-Roinn (DETE) an CCPC, an Roinn Gnó, Fiontar agus Nuálaíochta.

## TIONCHAR PHAINDÉIM COVID-19 AR AN TIMPEALLACHT RIALAITHE

Tháinig athrú go tapa agus athrú bunúsach ar chleachtais oibre an CCPC de bharr thús phaindéim COVID 19 go luath sa bhliain 2020 agus an chomhairle sláinte poiblí agus na bearta sábháilteachta a cuireadh i bhfeidhm dá bharr agus is gnáthchuid den saol oibre anois é an cianobair d'fhoireann an CCPC.

Choinnigh an Coimisiún súil ghéar ar fhorbairtí, d'fhonn na baoil a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar oibríochtaí gnó, ar fhoireann agus ar pháirtithe leasmhara an CCPC a mhaolú. Chuir na bearta sin ar ár gcumas den chuid is mo feidhmeanna an CCPC a sholáthar fad a coinníodh caighdeáin rialaithe láidre. Tá oibríochtaí CCPC ag leanúint ar aghaidh mar is gnách. I measc na ngníomhartha atá á ndéanamh ag an CCPC tá:

- Cinntíodh go raibh freagra gnó an CCPC i leith na paindéime stiúrtha agus treoraithe ag an gCoimisiún le hionchur ó Stiúrthóirí Rannáin.
- Measúnú leanúnach ar bhaoil shuntasacha maidir le paindéim COVID-19 agus ar lúfaireacht an CCPC freagairt go héifeachtúil.
- A chinntiú go bhfanfaidh deighilt láidir maidir le dualgais.
- A chinntiú go leanfaidh polasaithe agus nósanna imeachta reatha de bheith infheidhme sa timpeallacht cianoibre agus go ndéanfar iad a mhonatóiriú agus a thuairisciú ar an ngnáthbhealach.
- Nósanna imeachta a thabhairt suas chun dáta le go mbeifí in ann (i) rochtain a fháil ar an oifig (ii) agallaimh a dhéanamh (iii) iniúchtaí a dhéanamh ar bhealach sábháilte agus ar bhealach a bhí ag comhlíonadh comhairle sláinte poiblí sa chás go raibh an obair sin riachtanach chun feidhmeanna an CCPC a sholáthar.
- A chinntiú go bhfaigheann baill foirne rochtain ar líonra CCPC ag úsáid trealamh TFC atá ceadaithe ag an CCPC agus go bhfuil an trealamh TFC atá ag teastáil ag gach ball foirne atá ag obair go cianda.
- Leanúint le rochtain a fháil ar an bpoitéinseal maidir le laigí ó thaobh rialaithe inmheánacha de mar gheall ar COVID-19 a mheas agus ghlac siad bearta chun rialaithe inmheánacha a uasdátú agus a choimeád de réir mar is cuí.

## MONATÓIREACHT AGUS ATHBHREITHNIÚ LEANÚNACH

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun faireachas a dhéanamh ar phróisis rialaithe agus cuirtear easnaimh maidir le rialú in iúl do na daoine atá freagrach as gníomh ceartaitheach a dhéanamh, don bhainistíocht shinsearach agus don Choimisiún, nuair is ábhartha, go tráthúil. Is féidir linn a dhearbhú go bhfuil na córais faireachais leanúnaigh seo a leanas i bhfeidhm:

- Tá príomhrioscaí agus na rialuithe bainteacha aitheanta agus tá próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmiú na bpríomhrialuithe seo agus aon easnaimh a aithnítear a thuairisciú.

- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais, agus

- Déanann an Coimisiún agus an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú rialta ar fheidhmíocht thréimhsiúil agus bhliantúil agus ar thuarascálacha airgeadais ina léirítear feidhmíocht in aghaidh an bhuiséad agus réamhaisnéisí

## SOLÁTHAR

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm ag an CCPC chun a chinntiú go bhfuil rialacha soláthair reatha á gcomhlíonadh le linn 2021.

## ATHBHREITHNIÚ AR ÉIFEACHTACHT

Dearbhaímid go bhfuil nósanna imeachta ag an CCPC chun faireachas a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistithe riosca agus rialaithe. Tá obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha, an Choiste Iniúchta agus Riosca a dhéanann maoirsiú ar a gcuid oibre, agus an bhainistíocht shinsearach sa CCPC atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil, ar fad mar bhonn eolais ag faireachas agus ag athbhreithniú an Choimisiúin ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh.

Deimhnímid go ndearna an Coimisiún athbhreithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha do 2021 Tá athbhreithniú déanta ag an gCoiste Iniúchta agus Riosca agus ag an gCoimisiún ar an Ráiteas faoi Rialú Inmheánach lena chinntiú go dtugann sé léiriú cruinn ar an gcóras rialaithe a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe.

Tugadh faoi athbhreithniú ar Rialuithe Inmheánacha sa bhliain 2021 agus chuir an Coimisiún a ainm leis i mí Feabhra 2022.

Tá dearbhú réasúnach ag an gCoimisiún gur éifeachtach é an córas de Rialú Inmheánach a ceapadh agus a cuireadh i bhfeidhm sa CCPC don bhliain airgeadais dar chríoch 31ú Nollaig 2021.

## SAINCHEISTEANNA RIALAITHE INMHEÁNAIGH

Níor aithníodh aon laigí i rialú inmheánach a bhí le nochtadh sna ráitis airgeadais maidir le 2021.

Thar ceann an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí:

Dáta: 24 Meitheamh 2022

Jeremy Godfrey
Cathaoirleach

[redacted]

Dáta: 24 Meitheamh 2022

**Brian McHugh**
**Comhalta**

# Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais agus an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí

## Tuairim faoi na ráitis airgeadais

Rinne mé iniúchadh ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 faoi réir fhorálacha alt 31 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014. Cuimsítear sna ráitis airgeadais

- ráiteas ar Ioncam agus caiteachas agus cúlchistí ioncaim choinnithe
- ráiteas ar ioncam cuimsitheach
- an ráiteas maidir leis an staid airgeadais
- an ráiteas maidir le sreabhadh airgid, agus
- na nótaí gaolmhara, lena n-áirítear achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta.

I mo thuairim, tugtar sna ráitis airgeadais léiriú fíor agus cothrom ar shócmhainní, dliteanais agus staid airgeadais an Choimisiúin um Rialáil Fóntais Eitlíochta an 31 Nollaig 2021 agus ar a ioncam agus caiteachas don bhliain 2021 i gcomhréir le Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais (FRS) 102 – *an Caighdeán um Thuairisciú Airgeadais atá infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann.*

### *Bunús na tuairime*

Rinne mé an t-iniúchadh ar na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna bhfógairt ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Tá cur síos déanta ar mo fhreagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus tá mo chuid freagrachtaí eiticiúla comhlíonta agam de réir na gcaighdeán sin.

Creidim gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair mé chun bunús a thabhairt le mo thuairim.

## Tuarascáil maidir leis na bhfaisnéis seachas na ráitis airgeadais, agus maidir le cúrsaí eile

Tá faisnéis áirithe eile chomh maith leis na ráitis airgeadais curtha i láthair ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Cuimsítear leis sin an ráiteas rialachais agus tuarascáil chomhaltaí an Choimisiúin agus an ráiteas maidir le rialú inmheánach. Tá cur síos déanta san aguisín leis an tuarascáil seo ar mo fhreagrachtaí i ndáil leis an bhfaisnéis sin, agus ar chúrsaí áirithe eile ar a dtugaim tuairisc trí eisceacht.

Níl rud ar bith le tuairisciú agam ina leith sin.

[redacted]

**Mark Brady**
**Le haghaidh agus thar ceann**
**An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste**
**28 Meitheamh 2022**

## Aguisínleisan tuarascáil

### Freagrachtaí chomhaltaí an Choimisiúin

Mar a shonraítear sa ráiteas rialachais agus i dtuarascáil chomhaltaí an Choimisiúin, tá comhaltaí an Choimisiúin freagrach as

- ráitis airgeadais bhliantúla a ullmhú san fhoirm a fhorordaítear faoi alt 31 den Acht Iomaíochta agus Cosanta Tomhaltóirí 2014
- a chinntiú go dtugtar léargas fíor agus cóir sna ráitis airgeadais i gcomhréir le FRS 102
- chun rialtacht na n-idirbheart a áirithiú
- chun a mheasúnú cé acu an bhfuil nó nach bhfuil bonn an ghnóthais leantaigh iomchuí, agus
- a leithéid de rialú inmheánach agus a mheasann siad riachtanach chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a chumasú atá saor ó mhíshonrú ábharach, cibé acu mar gheall ar chalaois nó ar earráid.

### Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

Tá sé de cheanglas orm faoi alt 31 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014 iniúchadh a dhéanamh ar ráitis airgeadais an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí agus tuairisciú chuig Tithe an Oireachtais ina leith.

Is é mo chuspóir agus an t-iniúchadh á dhéanamh agam dearbhú réasúnta a fháil faoi cibé an bhfuil nó nach bhfuil na ráitis airgeadais ina n-iomláine saor ó mhíthuairiscí ábhartha de bharr calaoise nó earráide. Is ionann dearbhú réasúnta agus ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht é go mbeidh iniúchadh a dhéantar de réir ISAnna in ann míshonrú ábhartha a bhrath i gcónaí nuair is ann dó. Féadann míráitis ábhartha teacht ó chalaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más amhlaidh go bhféadfaí go réasúnach a bheith ag súil go rachaidís, ina n-aonar nó go comhiomlán, i gcion ar chinntí geilleagracha úsáideoirí a rinneadh ar bhonn na ráiteas airgeadais seo.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na ISAnna, bainim úsáid as breithiúnas gairmiúil agus déanaim sceipteachas gairmiúil a choimeád ar feadh an iniúchta. Agus sin á dhéanamh,

Sainaithním na rioscaí agus déanaim measúnú orthu maidir le míshonrú ábhartha i leith na ráiteas airgeadais, is cuma más mar gheall ar chalaois nó earráid é sin, déanaim nósanna imeachta iniúchta a dhearadh agus a chur chun feidhme atá freagrúil do na rioscaí sin, agus faighim fianaise don iniúchadh atá imleor agus iomchuí chun bonn a sholáthar do mo thuairim. Is mó an riosca nach ndéanfaí míshonruithe ábhartha a bhrath i gcás calaoise ná i gcás earráide mar d'fhéadfadh claonpháirtíocht, brionnú, easnaimh intinniúla, mífhaisnéisí, nó sárú na rialála inmheanaí bheith i gceist leis an gcalaois.

- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha don iniúchadh d'fhonn nósanna imeachta a dhearadh atá iomchuí do na himthosca, ach ní ar mhaithe le tuairim a léiriú maidir le héifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanann meastóireacht ar oiriúnacht na mbeartas cuntasaíochta a úsáideadh agus réasúntacht na meastachán cuntasaíochta agus an nochta lena mbaineann.
- Oiriúnacht maidir le húsáid a bhaint as bonn cuntasaíochta a chinneadh, bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fuarthas, maidir le cibé acu a bhfuil éiginnteacht ábhartha ann nó nach bhfuil a bhaineann le himeachtaí nó coinníollacha a d'fhéadfadh amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí leanúint mar ghnóthas leantach. Má chinnim go bhfuil neamhchinnteacht ábhartha ann, tá sé ceangailte orm aird a tharraingt i mo thuarascáil ar an nochtadh gaolmhar sna ráitis airgeadais nó, murar leor an nochtadh sin, mo thuairim a mhionathrú. Tá mo chonclúidí bunaithe ar an bhfianaise iniúchóireachta a fhaightear suas go dtí dáta mo thuarascála. D'fhéadfadh go mbeadh imeachtaí nó coinníollacha amach anseo a chur faoi deara go scoirfidh an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí de bheith ina ghnóthas leantach.
- Déanaim meastóireacht ar chur i láthair, struchtúr agus ábhar foriomlán na ráiteas airgeadais, lena n-áirítear an nochtadh, agus cibé an léirítear nó nach léirítear na hidirbhearta agus na himeachtaí bunaidh sna ráitis airgeadais ar mhodh um chur i láthair cothrom.

Cuirim iad siúd a bhfuil freagracht orthu as rialachas ar an eolas faoi, i measc cúrsaí eile, raon feidhme agus tráthúlacht bheartaithe an iniúchta agus torthaí suntasacha an iniúchta, lena n-áirítear easnaimh shuntasacha ar bith sa rialú inmheánach a sainaithním le linn m'iniúchta.

Tuairiscim, trí eisceacht, chomh maith, sna cásanna seo a leanas:

- ní bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a bhí ag teastáil uaim le haghaidh m'iniúchta, nó
- ní raibh na taifid chuntasaíochta imleor chun ligean d'iniúchadh éasca agus ceart a dhéanamh ar na ráitis airgeadais, nó
- níl na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na taifid chuntais.

#### *Faisnéis seachas na ráitis airgeadais*

Ní chumhdaítear i mo thuairim ar na ráitis airgeadais an fhaisnéis eile atá curtha i láthair leis na ráitis sin, agus ní chuirim foirm ar bith de chonclúid dearbhaithe in iúl fúthu.

Maidir le m'iniúchadh ar na ráitis airgeadais, éilítear orm faoi na ISAnna an fhaisnéis eile a chuirtear i láthair a léamh, agus trí sin á dhéanamh, déanaim machnamh ar cibé an bhfuil an fhaisnéis eile neamhréireach go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an eolas a aimsíodh le linn an iniúchta, nó má léirítear ar dhóigh eile go bhfuil sí míshonraithe go hábhartha. Má chinnim, bunaithe ar an obair a rinne mé, go bhfuil míthuairisc ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orm é sin a thuairisciú.

#### *Tuairisciú ar ghnóthaí eile*

Déantar m'iniúchadh faoi threoir na mbreithnithe speisialta atá ceangailte ar na comhlachtaí Stáit i dtaca lena mbainistíocht agus oibriú. Tuairiscím más amhlaidh go bhfuil gnéithe ábhartha ann a bhaineann leis an gcaoi a ndearnadh gnó poiblí.

Déanaim iarracht fianaise a aimsiú faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Tuairiscím má thagaim ar chás ábhartha ar bith ann nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na críocha dá raibh sé beartaithe nó i gcás nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a rialaíonn iad.

## AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ

## RÁITEAS AR IONCAM AGUS CAITEACHAS AGUS CÚLCHISTÍ IONCAIM CHOINNITHE DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

| | Nóta | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| **IONCAM** | | **€** | **€** |
| Deontas ón Oireachtas | **2** | 12,499,167 | 10,820,024 |
| Ioncam ó Thobhach | 3 | 2,722,991 | 2,567,924 |
| Ioncam Eile | | 24 | 23 |
| | | 15,222,182 | 13,387.971 |
| Táillí Iarratais | **4** | 1,485,967 | 807,224 |
| Táillí Iarratais Aisíoctha/Inaisíoctha chuig an D/ETE | | (1,485,967) | (807,224) |
| Deontas ECC Inaisíoctha don D/ETE | | (20,813) | |
| Aistriú ó/ (go) cuntas caipitil | 11 | 89,812 | (65,473) |
| Glan-mhaoiniú Iarchurtha do Phinsin | **12** | 2,585,000 | 1,906,000 |
| | | 17,876,181 | 15,228,498 |
| **CAITEACHAS** | | | |
| Costais Foirne | **5** | 11,765,562 | 9,680,200 |
| Speansais Oibríochta | **6** | 6,580,454 | 5,592,881 |
| | | 18,346,016 | 15,273,081 |
| **(EASNAMH) DON BHLIAIN** | | **(469,835)** | **(44,583)** |
| An t-iarmhéid a tugadh anonn amhail an 1 Eanáir | | 360,832 | 405,415 |
| **Iarmhéid a tugadh ar aghaidh amhail an 31 Nollaig** | | **(109,003)** | **360,832** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 - 19. Thar ceann an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí:

[redacted]
**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 24 Meitheamh 2022**

[redacted]
Brian McHugh
**Comhalta**

**Dáta: 24 Meitheamh 2022**

**AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ**

**RÁITEAS UM IONCAM CUIMSITHEACH**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

| | **Nótaí** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|---|
| **(BARRACHAS) / EASNAMH DON BHLIAIN AIRGEADAIS** | | (469,835) | (44,583) |
| Gnóthachan/(caillteanas) taithí ar scor oibleagáidí sochair | **12iii** | 382,000 | (2,815,000) |
| Athruithe ar na boinn tuisceana bunús luach reatha na ndliteanas sochair scoir | **12iii** | (3,219,000) | (3,866,000) |
| Iarsheirbhísí (caillteanais) | **12iii** | **(-)** | **(-)** |
| (Caillteanais) achtúireacha don bhliain | | (3,306,835) | (6,681,000) |
| Coigeartú ar mhaoiniú sochar scoir iarchurtha | | 2,837,000 | 6,681,000 |
| Ioncam Cuimsitheach Iomlán don Bhliain | | (469,835) | (44,583) |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 - 19.

Thar ceann an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí:

[redacted]

**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 24 Meitheamh 2022**

**Brian McHugh**
**Comhalta**

**Dáta: 24 Meitheamh 2022**

## AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ

### RÁITEAS FAOIN SEASAMH AIRGEADAIS
### AMHAIL AN 31 NOLLAIG 2021

| | Nóta | Amhail an 31 Nollaig 2021 | Amhail an 31 Nollaig 2020 |
|---|---|---|---|
| **SÓCMHAINNÍ SEASTA** | | | |
| Réadmhaoin, gléasra & trealamh | **8** | 151,863 | 241,675 |
| **SÓCMHAINNÍ REATHA** | | | |
| Infháltais | **9** | 385,943 | 299,974 |
| Airgead tirim agus a choibhéis | | 1,023,841 | 646,844 |
| | | 1,409,784 | 946,818 |
| **DLITEANAIS REATHA – (MÉIDEANNA DLITE LAISTIGH DE BHLIAIN AMHÁIN)** | | | |
| Suimeanna Iníoctha | 10 | (1,518,787) | (585,986) |
| **GLANSÓCMHAINNÍ REATHA** | | (109,003) | 360,832 |
| **GLANSÓCMHAINNÍ** | | 42,860 | 602,507 |
| **SOCHAIR SCOIR** | | | |
| Oibleagáidí sochair scoir | 12iii | (49,784,000) | (44,362,000) |
| Sócmhainn mhaoiniúcháin sochair scoir iarchurtha | 12iv | 49,784,000 | 44,362,000 |
| **GLANSOCMHAINNÍ / (DLITEANAIS) IOMLÁNA** | | **42,860** | **602,507** |
| **AG LÉIRIÚ** | | | |
| An Cuntas Caipitil | 11 | 151,863 | 241,675 |
| Cúlchistí ioncaim coinnithe | | (109,003) | 360,832 |
| | | **42,860** | **602,507** |

Is cuid de na ráitis airgeadais seo iad an Ráiteas maidir le Sreabhadh Airgid agus na Nótaí 1 - 19. Thar ceann an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí:

**Jeremy Godfrey**
**Cathaoirleach**

**Dáta: 24 Meitheamh 2022**

**Brian McHugh**
**Comhalta**

**Dáta: 24 Meitheamh 2022**

## AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ

## RÁITEAS AR SHREAFAÍ AIRGID
## DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021

| | Nóta | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| **Glan Sreabhadh Airgid ó Ghníomhaíochtaí Oibríochta** | | **€** | **€** |
| Barrachas (caiteachas thar ioncam) / ioncaim thar caiteachas | | (469,835) | (44,583) |
| Ús bainc a fuarthas | | (24) | (23) |
| Aistriú (ó) / go cuntas caipitil | **11** | (89,812) | 65,473 |
| Dímheas sócmhainní seasta | **8** | 99,326 | 97,510 |
| Méadú/(Laghdú) ar Infháltais | **9** | (85,969) | 211,835 |
| Méadú/(Laghdú) ar shuimeanna iníoctha | **10** | 932,801 | (49,028) |
| **Glan-insreabhadh (eis-sreabhadh) Airgid ó Ghníomhachtaí Oibríochta** | | 386,487 | 281,184 |
| **Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | | |
| Íocaíocht chun maoin, fearas & Trealamh | **8** | (9,514) | (162,983) |
| **Glan-sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Infheistíochta** | | (9,514) | (162,983) |
| **Sreabhadh airgid ó Ghníomhaíochtaí Airgeadais** | | | |
| Ús bainc a fuarthas | | 24 | 23 |
| **Glanmhéadú/(laghdú) in airgead tirim agus comhluach in airgead tirim** | | 376,997 | 118,224 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag tús na bliana | | 646,844 | 528,620 |
| Airgead tirim agus coibhéisí airgid ag deireadh na bliana | | 1,023,841 | 646,844 |

**AN COIMISIÚN UM IOMAÍOCHT AGUS COSAINT TOMHALTÓIRÍ**

**NÓTAÍ LEIS NA RÁITIS AIRGEADAIS**
**DON BHLIAIN DAR CRÍOCH AN 31 NOLLAIG 2021**

## 1. BEARTAIS CHUNTASAÍOCHTA

Tá an bunús cuntasaíochta agus na beartais cuntasaíochta shuntasacha atá glactha ag an gCoimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí leagtha amach thíos. Táthar tar éis iad go léir a chur i bhfeidhm go seasta ar fad na bliana agus ar fad na bliana a tháinig roimhe sin.

### A. GINEARÁLTA

Bhunaigh an tAire Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí an 31 Deireadh Fómhair 2014, faoin Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí 2014. Tugadh foráil san Acht chun an Ghníomhaireacht Náisiúnta do Thomhaltóirí (NCA) agus an tÚdarás Iomaíochta (TCA) a dhíscaoileadh le héifeacht ón 30 Deireadh Fómhair 2014. Aistríodh foireann, sócmhainní, cearta agus dualgais chomhlachtaí oidhreachta chuig an gCoimisiún i gcomhréir leis an Acht. Is Eintiteas Leasa Phoiblí é an Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí..

### B. RÁITEAS FAOI CHÚRSAÍ COMHLÍONTAIS

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Choimisiúin don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2021 de réir FRS 102, an caighdeán tuairiscithe airgeadais atá infheidhme sa RA agus in Éirinn arna eisiúint ag an gComhairle Tuairiscithe Airgeadais (FRC) agus arna bhfógairt ag Cuntasóirí Cairte na hÉireann.

### C. BONN ULLMHÚCHÁIN

Ullmhaíodh na ráitis airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, seachas i gcás sócmhainní agus dliteanais áirithe a thomhaistear ar a luachanna córa, faoi mar a mhínítear sna beartais chuntasaíochta thíos. Tá na ráitis airgeadais i bhfoirm atá ceadaithe ag an Tánaiste agus ag an Aire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta agus aontaithe ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe. Cuireadh na beartais chuntasaíochta seo a leanas i bhfeidhm go leanúnach ó thaobh déileáil le nithe a mheastar a bheith ábhartha i ndáil le ráitis airgeadais an Choimisiúin.

Tá na Ráitis Airgeadais ullmhaithe i Euro, airgeadra feidhmeach an Choimisiúin.

### D. IONCAM

Deontas ón Oireachtas

Déantar an t-ioncam reatha a thuairisciú ar bhonn fabhraithe, go hiondúil. Is eisceacht iad Deontais Oireachtais a aithnítear ar bhonn fáltas airgid. Cuireann an DETE maoiniú ar fáil d'fheidhmeanna Feasachta Pobail agus Oideachais Airgeadais, ar choinníoll go ndéanfaí an maoiniú sin a íoc ar ais le DETE ar tobhach an Choimisiúin a fháil.

## E. IONCAM TOBHAIGH

Tá an Coimisiún freagrach as feidhmeanna eolais do thomhaltóirí agus oideachais maidir le seirbhísí airgeadais faoi alt 10(3)(j) d'Acht 2014.

Maoinítear costas fheidhm seirbhísí airgeadais an Choimisiúin le tobhach ar eintitis seirbhíse airgeadais rialaithe (maoinítear 16 ball foirne leis sin). Glactar ioncam san áireamh maidir le tobhach don tréimhse ina raibh na heintitis seirbhíse airgeadais rialaithe faoi réir rialacháin ag an mBanc Ceannais.

Foráiltear in Alt 24D den Acht um Chosaint Tomhaltóirí 2007 (arna chur isteach leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010) gur féidir leis an gCoimisiún socrú a dhéanamh le chomhlacht fo-ordaithe maidir leis an mbailiúchán de na tobhaigh.

Tá sainmhíniú tugtha in Alt 24C den Acht um Chosaint Tomhaltóirí (arna chur isteach leis an Acht um Athchóiriú an Bhainc Ceannais 2010) ar na forálacha chun barrachas nó easpa in ioncam tobhaigh a cheartú i mbliain airgeadais, trína laghdaítear nó trína mhéadaítear tobhach an bhliain dar gcionn chun léargas a thabhairt ar chaiteachas an Choimisiúin i dtaobh feidhmeanna eolais do thomhaltóirí agus oideachais dá dtagraítear dóibh thuas a thabhairt i gcrích.

Déantar costais a bhaineann le gníomhaíochtaí atá á maoiniú le tobhach amháin a thaifeadadh mar chaiteachas tobhaigh, agus déantar costais a bhaineann le gníomhaíochtaí atá á maoiniú ón státchiste mar caiteachas státchiste. Déantar costais eile a bhaineann le feidhmeanna CCPC atá á maoiniú le tobhach agus ón státchiste (costais a bhaineann le seirbhísí den chuid is mó) a chionroinnt bunaithe ar dheighilt an líon iomlán foirne a leithdháiltear d'fheidhmeanna atá maoinithe le tobhach agus d'fheidhmeanna atá maoinithe ón státchiste faoi seach.

## F. IONCAM Ó THÁILLÍ IARRATAIS

Déantar táillí a fhaigheann an Coimisiún chun ceadúnais idirghabhálaithe creidmheasa, ceadúnais do gheallbhróicéirí, fógraí maidir le híocaíocht shocraithe, cumaisc agus costais arna bhronnadh ag na cúirteanna a eisiúint a thaifeadadh mar ioncam an Choimisiúin a aisíoctar leis an D/ETE.

## G. RÉADMHAOIN, GLÉASRA AGUS TREALAMH

Luaitear maoin, fearas agus trealamh ar chostas stairiúil lúide dímheas carntha, atá coigeartaithe maidir le haon soláthar do laige. Déanfar foráil do dhímheas ar gach réadmhaoin, gléasra agus trealamh de réir rátaí a mheastar chun an costas lúide luach iarmharach measta gach sócmhainne a dhíscríobh de réir méid cothrom thar a saolré úsáideach mheasta, mar seo a leanas:

| | |
|---|---|
| Crua-earraí Ríomhairí | 20% |
| Bogearraí Ríomhairí | 20% |
| Trealamh Oifige | 20% |
| Oifige | 10% |

Is éard atá i gceist leis an luach iarmharach ná an luach measta a bhainfí amach ó dhíuscairt sócmhainne faoi láthair na huaire, tar éis do na costais measta diúscartha a bheith bainte de, de réir mar a bheadh an sócmhainn roimhe seo ar an aois lena mbeifear ag súil leis a bheith mar dheireadh a shaol úsáide, agus an baill sin air. Má tá fianaise oibiachtúil ann i dtaobh luach sócmhainne, aithnítear caillteanas laige sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe sa bhliain.

## H. CUNTAS CAIPITIL

**Aistrítear deontais stáit, a úsáidtear chun sócmhainní seasta a cheannach, chuig an gcuntas caipitil sa bhliain ina dtabhaítear an caiteachas agus déantar iad a chreidiúint chuig ioncam thar shaolré úsáide measta na sócmhainní gaolmhara. Léirítear sa chuntas caipitil méid gan amúchadh an ioncaim a úsáideadh chun sócmhainní seasta a mhaoiniú.**

## I. AIRGEADRA COIGRÍCHE

**Déantar idirbhearta sonraithe in airgeadraí coigríche a aistriú go euro agus a thaifeadadh ag an ráta malartaithe a bhí ag rialú ag dáta na n-idirbheart. Déantar sócmhainní agus dliteanais airgid sonraithe in airgeadraí coigríche a aistriú go euro ag na rátaí malartaithe a bhí ag rialú ag dáta an tuairiscithe nó ag ráta chonradh réamhcheannacháin nuair atá conradh dá leithéid ann.**

## J. INFHÁLTAIS

**Tuairiscítear infháltais ar a luach cóir, lúide soláthar i leith fiacha amhrasacha. Is soláthar ar leith é an soláthar d'fhiacha amhrasacha, agus bunaítear é nuair a bhíonn fianaise oibiachtúil ann nach mbeidh an Coimisiún ábalta na suimeanna ar fad atá dlite dó a bhailiú. Aithnítear gach gluaiseacht i soláthar fiachas amhrasach sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe.**

## K. SOLÁTHAIRTÍ

**Aithnítear soláthairtí nuair a bhíonn oibleagáid dlí nó inchiallaithe ar an gCoimisiún san am i láthair de bharr imeachtaí a tharla san am a caitheadh; is é is dóigh go mbeidh eis-sreabhadh d'acmhainní de dhíth chun an oibleagáid a réiteach; le gur féidir suim na hoibleagáide a mheas go hiontaofa.**

## L. TEAGMHAIS

**Ní aithnítear dliteanais theagmhasacha, a eascraíonn as imeachtaí a tharla san am a caitheadh nuair (i) nach dóigh go mbeidh eis-sreabhadh d'acmhainní ann nó nach féidir an tsuim a mheas go hiontaofa ar an dáta tuairiscithe nó (ii) nuair a dheimhneofar an láithreacht le himeachtaí neamhchinnte a tharlóidh nó nach dtarlóidh amach anseo nach bhfuil go hiomlán faoi smacht an Choimisiúin. Nochtar dliteanais theagmhasacha sna ráitis airgeadais ach amháin nuair is fánach an seans go mbeidh eis-sreabhadh acmhainní ann.**

**Ní aithnítear sócmhainní teagmhasacha. Nochtar sócmhainní teagmhasacha sna ráitis airgeadais nuair is dóchúil go mbeidh insreabhadh tairbhí geilleagracha i gceist.**

## M) LÉASANNA OIBRÍOCHTA

Tuairiscítear an caiteachas ar cíosanna faoi léasanna oibriúcháin sa Ráiteas faoi Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchiste Ioncaim Coinnithe thar fadtréimhse an léasa. Aithnítear caiteachas ar bhonn líne dhíreach i gcaitheamh thréimhse an léasa, seachas sa chás gurb ann do mhéaduithe cíosa atá nasctha le ráta ionchasach an bhoilscithe, agus aithnítear na méaduithe sin nuair a thabhaítear iad, sa chás sin. Tuairiscítear aon dreasachtaí léasa a fhaightear i gcaitheamh shaolré an léasa.

## N) SOCHAIR d'FHOSTAITHE

Sochair Ghearrthéarmacha
Aithnítear sochair ghearrthéarmacha, ar nós pá saoire, mar chostas sa bhliain, agus áirítear sochair a fhabhraítear ag deireadh na bliana le figiúirí na Méideanna Iníoctha sa Ráiteas ar Staid an Airgeadais.

Sochair Scoir
Tá foireann an Choimisiúin comhdhéanta dóibhsean atá fostaithe go díreach ag an gCoimisiún agus oifigigh ar iasacht agus ar socrúchán ón státseirbhís agus seirbhís phoiblí. Níl aon dhliteanas pinsin ag an gCoimisiún maidir le foireann ar iasacht agus ar socrúchán. Íocann an Coimisiún ranníocaíocht aoisliúntais leis an DETE maidir le foireann ar iasacht nó ar socrúchán ag ráta 25% nó 30% (ag brath ar dháta iontrála chuig an Státseirbhís/Seirbhís Phoiblí), a mhuirearaítear chuig caiteachas.

Oibríonn an Coimisiún scéim sochar sainithe pinsin dá fhostaithe, a mhaoinítear go bliantúil ar bhonn íoc mar a úsáidtear ó airgead atá ar fáil ina leith lena n-áirítear airgead a chuireann an DETE ar fáil agus ó ranníocaíochtaí pinsin a bhaintear as tuarastal na foirne. Coinníonn an DETE ranníocaíochtaí sochar sainithe.

Rinneadh dlí d'Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012 an 28 Iúil 2012 agus leis sin tugadh isteach an Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair ('An Scéim Aonair') a tháinig i bhfeidhm an 01 Eanáir 2013. Tá gach ball foirne den Choimisiún, a bheadh ag obair san Earnáil Phoiblí den chéad uair, ar nó i ndiaidh an 01 Eanáir 2013 ina chomhalta ar an Scéim Aonair. Íoctar ranníocaíochtaí na Scéime Aonair anonn chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tomhaistear dliteanais scéime pinsin ar bhonn achtúireach agus modh na n-aonad réamh-mheasta á úsáid.

Aithnítear gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a eascraíonn as athruithe ar thoimhdí achtúireacha agus ó bharrachais agus easnaimh ó thaithí sa Ráiteas ar Ioncam Cuimsitheach don bhliain ina tarlaíonn siad agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid is inghnóthaithe ó DETE.

Is ionann dliteanais phinsin agus luach reatha íocaíochtaí pinsin amach anseo a thuill an fhoireann go dtí seo. Léiríonn maoiniú iarchurtha pinsean an tsócmhainn chomhfhreagrach atá le hin-aisghabháil i dtréimhsí amach anseo ón DETE.

## O) BREITHIÚNAIS AGUS MEASTACHÁIN CHUNTASAÍOCHTA CRITICIÚLA

**Chun ullmhúchán na ráiteas airgeadais a chur i gcrích, bíonn ar an lucht bainistíochta breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh a théann i bhfeidhm ar na méideanna a thuairiscítear maidir leis na sócmhainní agus na dliteanais amhail an dáta tuairiscithe agus ar na méideanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus speansais le linn na bliana. Mar sin féin, mar gheall gur meastachán atá i gceist ciallaíonn sé sin go bhféadfadh difear a bheith idir torthaí iarbhír agus na meastacháin sin. Bhí an tionchar is suntasaí ag na breithiúnais seo a leanas ar mhéideanna a aithníodh sna ráitis airgeadais.**

**a) Lagú maoine, gléasra agus trealaimh**

**Déantar athbhreithniú maidir leis an dímheas ar shócmhainní a dhéantar amúchtadh orthu aon uair a léirítear nach bhfuil an suim ghlanluacha in-aisghabhála in athruithe a thagann ar na dálaí. Tá caillteanas laguithe tuairiscithe don mhéid faoina sáraíonn suim ghlanluacha na sócmhainne thar an méid atá in-aisghabhála. Is ionann an méid atá in-aisghabhála agus an méid is airde nuair a bhaintear luach cóir sócmhainne an costas díolta. Chun críocha measúnú a dhéanamh ar an lagú, déantar sócmhainní a aicmiú de réir an leibhéil is ísle dá bhfuil sreafaí airgid ar leith inaitheanta leo (aonaid giniúna airgid). Déantar sócmhainní neamhairgeadais a bhí thíos te tagú a athbhreithniú i dtaobh aisiompú féideartha an tagaithe ag gach dáta tuairiscithe.**

**b) Dímheas agus Luachanna Iarmharacha**

**Tá athbhreithniú déanta ag an gCoimisiún ar shaolré agus ar luachanna iarmharacha gach aicme sócmhainne seasta agus go háirithe saolré eacnamaíoch fhónta agus luachanna iarmharacha daingneán agus feistí agus cinneadh go bhfuil saolré sócmhainní agus luachanna iarmharacha iomchuí.**

**c) Soláthar d'fhiacha amhrasacha**

**Déanann an Coimisiún meastachán ar luach inaisghabhála féichiúnaithe trádála agus eile. Baineann an Coimisiún úsáid as meastacháin bunaithe ar thaithí go dtí seo d'fhonn leibhéal na bhfiacha, nach féidir a bhailiú, a shocrú. Sa mheastacháin sin áirítear fachtóirí mar rátáil reatha an fhéichiúnaí, próifíl aois na bhféichiúnaithe agus taithí go dtí seo. Athbhreithnítear an leibhéal soláthair atá de dhíth ar bhonn leanúnach.**

**d) Soláthairtí**

**Déanann an Coimisiún forátacha d’oibteagáidí dtíthiúta agus cuiditheacha, arb eot di nár comhtíonadh go fóitt ag dáta deiridh na tréimhse. Déantar na forálacha seo, go ginearálta, bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ábhartha eile, agus déantar iad a choigeartú i dtaobh treochtaí a sonraíodh le déanaí. Mar sin féin, meastacháin is iad de chostais airgeadais eachtraí nach gá go dtarlódh siad ar feadh na mblianta. Mar thoradh air sin agus ar leibhéal na héiginnteachta a bhaineann leis na torthaí deiridh, seans go mbeidh difríocht shuntasach idir an toradh iarbhír agus an méid a measadh.**

**e) Oibleagáidí sochair scoir**

**Déantar nuashonrú gach bliain ar na boinn tuisceana achtúireacha ar a bhfuil na méideanna a aithnítear sna ráitis airgeadais bunaithe (lena n-áirítear rátaí lascaine, rátaí ardaithe ar leibhéil cúitimh amach anseo agus rátaí mortlaíochta) bunaithe ar dhálaí eacnamaíocha reatha agus aon athrú ábhartha i dtaobh téarmaí agus coinníollacha an phinsin agus ar phleananna iar-scoir.**

**Is féidir leis an méid seo a leanas tionchar a imirt ar na toimhdí:**

**i. an ráta lascaine, athruithe ar an ráta fáltais ar bhannaí ardcháilíochta corparáide**

**ii. leibhéil chúitimh amach anseo, dálaí an mhargaidh saothair amach anseo**

## 2. DEONTAS OIREACHTAIS

Cuirtear an maoiniú ar fad ar fáil tríd an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (DETE) 32

| **Fo-Cheannteideal Vóta** | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| C.8 (i) – Pá | 8,251,167 | 7,064,024 |
| C.8 (i) – Neamhphá | 4,621,000 | 4,081,000 |
| C.8 (ii) – Pá | 1,170,941 | 804,741 |
| C.8 (ii) – Neamhphá | - | 750,000 |
| | 14,043,108 | 12,699,765 |
| C.8 (ii) Pá (Aisíoctha) | (1,170,941) | (804,741) |
| C.8 (ii) – Neamhphá (Aisíoctha) | - | (750,000) |
| Ranníocaíochtaí pinsin fostaithe coinnithe | (373,000) | (325,000) |
| | 12,499,167 | 10,820,024 |

## 3. Tobhach

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Iarmhéid Tosaigh an 01 Eanáir | 8,238 | 99,932 |
| Sonraisc tobhaigh eisithe | 2,722,991 | 2,567,924 |
| Fáltais tobhaigh bailithe | (2,732,021) | (2,656,176) |
| Drochfhiacha tobhaigh | (727) | (3,442) |
| Iarmhéid Deiridh an 31 Nollaig | **(1,519)** | **8,238** |

Eisíodh sonraisc arbh fhiú €2,722,991 san iomlán iad a chlúdaigh dliteanas don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021 mar a fhoráiltear dóibh in I.R. Uimh 257 de 2021 - Rialacháin Tobhaigh 2021 an Achta um Chosaint Tomhaltóirí 2007 (An Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí) i mí Bealtaine Bhí an tsuim €1,519 fós le bailiú ag deireadh na bliana. Tá an t-iarmhéid diúltach gan íoc mar thoradh ar ró-íocaíochtaí a fuarthas ó shonraisc tobhaigh atá le baint as méideanna tobhaigh sa todhchaí.

Díscríobhtar sonraisc tobhaigh nuair a mheastar iad a bheith do-athfhála. Tarlaíonn sin de ghnáth nuair a éiríonn eagraíocht as oibríochtaí.

| **4. TÁILLÍ IARRATAIS** | **2021 €** | **2020 €** |
|---|---|---|
| Táillí Cumaisc* | 640,000 | 344,000 |
| Sochar Idirghabhálaithe agus gheallbhróicéir ceadúnas táillí** | 588,784 | 417,074 |
| Fíneálacha ar an Láthair / Fógraí maidir le hÍocaíochtaí Seasta) | 3,000 | 3,600 |
| Dámhachtainí Cúirte | 17,500 | 20,000 |
| Ioncam eile (Leas Sóisialach etc.) | 36,911 | 22,550 |
| Fáltas Pinsean | 199,772 | |
| Táillí iarratais aisíoctha leis an DETE | (1,378,591) | (740,549) |
| Dlite don DETE | (107,376) | (66,675) |
| | - | - |

*Ioncam Cumaisc faoin Acht Iomaíochta 2002, cuid 3, Alt B, arna leasú ag Alt 55 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014. Bíonn táille €8,000 i gcuideachta fógraí cumaisc chuig an gCoimisiún.
Fógraí cumaisc – 2021: 80 (2020: 43).
**Líon na gceadúnas a eisíodh: idirghabhálaithe creidmheasa – 952 (2020: 816), geallbhróicéirí – 3 (2020: 3).
***Fógraí maidir le hÍocaíochtaí Seasta agus Fíneálacha ar an Láthair - 10 (2020: 12). Líon na gcásanna inar dhámh na cúirteanna costais 0 (2020: 0).

Déanann an Coimisiún gach fáltas cumaisc, fáltas idirghabhálaithe creidmheasa, fógraí maidir le híocaíocht shocraithe agus ioncam ilchineálach eile a fhaigheann sé a íoc leis an DETE.

| **5. COSTAIS FOIRNE** | **2021** **€** | **2020** **€** |
|---|---|---|
| Tuarastail agus Pá | 8,702,605 | 7,424,811 |
| Tuarastail agus Pánna - Foireann an Bhainc Ceannais | | 11,528 |
| Aoisliúntas - Scéim Foirne | ¯2,879,000 | 2,035,000 |
| Aoisliúntas - Ball Foirne ar Iasacht agus ar Socrúchán | 1,892 | 58,651 |
| Aoisliúntas - Ball Foirne an Bhanc Ceannais ar Iasacht | | 2,648 |
| Oiliúint foirne | ¯182,065 | 147,562 |
| | 11,765,562 | 9,680,200 |
| Leibhéil Foirne Iarbhír – WTE (amhail deiridh na | 129 | 119 |

Déanann an DETE párolla a riar don Choimisiún (d'aistrigh chuig an tIonad Seirbhísí Comhroinnte Párolla i rith na bliana 2017). Choinnigh an Roinn Ranníocaíochtaí breise Aoisliúntais €162,670 a bhain an Roinn ó fhoireann an Choimisiúin. D'íoc an Roinn rannaíocaíochtaí fostaithe scéime aonair arbh fhiú €210,331 iad chuig an DPER maidir le foireann an Choimisiúin.

Ní raibh aon íocaíochtaí foirceanta i gceist i rith na bliana. Áirítear na suimeanna €16,279 maidir le ragobair sna tuarastail agus pánna thuasluaite.

### A) LUACH SAOTHAIR AN CHATHAOIRLIGH

Ceapadh an Cathaoirleach an 31ú Deireadh Fómhair 2014 (a bhí ina Chathaoirleach ar an Údarás Iomaíochta go dtí sin). Athcheapadh iad ar 1 Deireadh Fómhair 2016 ar feadh téarma cúig bliana dar críoch 3ú Deireadh Fómhair 2021. Fuair an Cathaoirleach íocaíochtaí tuarastail €162,922 (2020: €211,249) agus thabhaigh sé costais taistil dar luach €0 (2020: €814) sa bhliain 2021. Is é is cúis leis an laghdú ar luach saothair an iar-Chathaoirligh in 2021 ó 2020 ná go ndeachaigh sí ar scor i mí Dheireadh Fómhair 2021, mar aon le híocaíocht aonuaire
a fuair sí in 2020, a cheartaigh ganníocaíocht tuarastail a chlúdaigh roinnt blianta. .

Bhí an t-IarChathaoirleach ina comhalta de scéim neamh-mhaoinithe sochair shainithe na hearnála poiblí agus ní théann a cuid teidlíochtaí pinsin thar theidlíochtaí caighdeánacha na scéime sochair sainithe aoisliúntais na hearnála poiblí ábhartha.

Ní bhfuair an t-IarChathaoirleach aon íocaíochtaí i gcoibhneas le feidhmíocht ná aon sochar comhchineáil eile i rith na bliana. Fuair an tIar-Chathaoirleach cnapshuim scoir de €140,385 ar scor dó.

Chuaigh Isolde Goggin ar scor mar Chathaoirleach ar an 3 Deireadh Fómhair 2021. Chuir Jeremy Godfrey tús lena théarma mar Chathaoirleach ar an 1ú Eanáir 2022.

**B) MIONDEALÚ AR SHOCHAIR d'FHOSTAITHE**
**Réimse sochar iomlán d'fhostaithe (ó €60,000 agus ag méadú)**

| Ó | Go dtí | 2021 | 2020 |
|---|---|---|---|
| €60,000 | - €69,999 | - | - |
| €70,000 | - €79,999 | 9 | 6 |
| €80,000 | - €89,999 | 13 | 14 |
| €90,000 | - €99,999 | 14 | 11 |
| €100,000 | - €109,999 | 8 | 4 |
| €110,000 | - €119,999 | 2 | 2 |
| €120,000 | - €129,999 | 1 | - |
| €130,000 | - €139,999 | - | - |
| €140,000 | - €149,999 | - | - |
| €150,000 | - €159,999 | 2 | 3 |
| €160,000 | - €169,999 | - | - |
| €170,000 | - €179,999 | - | - |
| €180,000 | - €189,999 | 1 | - |
| €190,000 | - €199,999 | - | - |
| €200,000 | - €209,999 | - | - |
| €210,000 | - €219,999 | - | - |
| | | - | 1 |
| | | **50** | **41** |

Nóta: Chun críocha an nochta sin, áirítear ar shochair ghearrthéarmacha fostaithe i ndáil le seirbhísí a rinneadh le linn na tréimhse tuairiscithe tuarastal, liúntais ragoibre agus íocaíochtaí eile a rinneadh thar ceann an fhostaí, ach ní áirítear air ÁSPC an fhostóra.

**COSTAIS TAISTIL AGUS COTHAITHE CHOMHALTAÍ**

| | 2021 | 2020 |
|---|---|---|
| **Comhalta** | **€** | **€** |
| Isolde Goggin | | -814 |
| Patrick Kenny | - | - |
| Fergal O'Leary | - | - |
| Brian McHugh | - | 199 |
| Conor Blackwell | - | - |
| | **-** | **1,013** |

Nochtar luach saothair phríomhphearsanra bainistíochta i nóta 16 leis na ráitis airgeadais.

## 6. COSTAIS OIBRÍOCHTA

| | 2021 | | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | Neamh-thobhach | Tobhach | Iomlán | Iomlán |
| | € | € | € | € |
| Postas & Teileachumarsáid | 52,058 | 14,132 | 66,190 | 71,340 |
| Trealamh & Seirbhísí TF | 377,798 | 92,394 | 470,192 | 756,604 |
| Clódóireacht & Páipéarachas | 20,212 | 5,088 | 25,300 | 44,575 |
| Taisteal & Cothabháil - Náisiúnta | 26,136 | 29 | 26,165 | 21,773 |
| Taisteal agus Cothabháil – Idirnáisiúnta | 1,638 | - | 1,638 | 21,457 |
| Áitreabh Oifige & Cothabháil Ghinearálta | 873,522 | 220,281 | 1,093,803 | 767,319 |
| An Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí* | 194,027 | - | 194,027 | 214,840 |
| Speansais Teagmhasacha | 76,181 | 14,796 | 90,977 | 68,729 |
| Caiteachas a bhaineann le AD | 78,519 | 8,991 | 87,510 | 19,645 |
| Táillí Dlí | 175,498 | - | 175,498 | 84,527 |
| Costais comhairleoireachta eile | 909,253 | 40,223 | 949,476 | 418,044 |
| Iniúchadh Inmheánach | 12,897 | 3,224 | 16,121 | 36,334 |
| Riarachán Airgeadais | 136,245 | 38,581 | 174,826 | 172,843 |
| Táille iniúchóireachta | 19,600 | 4,900 | 24,500 | 24,500 |
| Margaíocht, Cur Chun Cinn & Gníomhaíochtaí Feasachta do Thomhaltóirí** | 1,018,982 | 985,964 | 2,004,946 | 2,027,956 |
| Earcaíocht | 298,588 | 9,552 | 308,140 | 185,032 |
| Táillí Gníomhaireachta | 74,960 | 18,239 | 93,199 | - |
| Dímheas | 99,326 | - | 99,326 | 97,510 |
| Ionad Glaonna | 458,991 | 114,748 | 573,739 | 495,949 |
| Árachas | 76,383 | 18,523 | 94,906 | 64,141 |
| Muirir Bainc | 1,141 | 2,390 | 3,531 | 1,045 |
| Liúntas d'fhiacha amhrasacha | - | (983) | (983) | (861) |
| Ús um Íoc Pras & Cúiteamh | 34 | 9 | 43 | - |
| Ceannacháin Tástála | 7,384 | - | 7,384 | (421) |
| | 4,989,373 | 1,591,081 | 6,580,454 | 5,592,881 |

*Tá Lárionad Eorpach do Thomhaltóirí (ECC) na hÉireann mar chuid de líonra Eorpach a chuireann comhairle, eolas agus tacaíocht ar fáil ar chearta tomhaltóirí nuair atá earraí agus seirbhísí á gceannach ó thír Eorpach eile. Déanann an Coimisiún in éineacht leis an gCoimisiún Eorpach oibríocht ECC na hÉireann a chómhaoiniú. Tá Comhaontú Rialachais agus Maoirseachta (GOA) i bhfeidhm idir an CCPC agus ECC na hÉireann. In 2021 chuir an CCPC maoiniú de €214,840 ar fáil do ECC na hÉireann. Ag teacht leis an GOA, thug ECC Ireland cistí neamhchaite de €20,813 ar ais chuig an CCPC agus cuireadh ar ais chuig an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta iad ina dhiaidh sin.

** Maidir lena fheidhmeanna faoin Acht a chur i gcrích d'fhonn leasanna tomhaltóirí a chur chun cinn agus a chosaint, éilítear ar an gCoimisiún tabhairt faoi fheachtais feasachta poiblí agus eolais chomh maith le taighde agus anailís a dhéanamh chun críche tomhaltóirí a chur ar an eolas agus comhairle a thabhairt dóibh maidir le cosaint tomhaltóirí. Is mar seo a leanas atá an leithdháileadh maidir leis an gcaiteachas sin:

| | 2021 | | | 2020 |
|---|---|---|---|---|
| | Neamh-thobhach | Tobhach | Iomlán | Iomlán |
| | € | € | € | € |
| Fógraíocht | 51,285 | - | 51,285 | 197,575 |
| Taighde | 77,644 | 69,981 | 147,625 | 348,742 |
| Caidreamh Poiblí | 105,870 | 35,401 | 141,271 | 98,553 |
| Seirbhísí Ceannaigh Dáileacháin & Meán | 720,635 | 769,333 | 1,489,968 | 1,246,000 |
| Oideachas Airgeadais | - | 71,417 | 71,417 | 57,290 |
| Eile | 63,548 | 39,832 | 103,380 | 79,796 |
| | 1,018,982 | 985,964 | 2,004,946 | 2,027,956 |

## 7. FEIDHMEANNA A BHAINEANN LE TOBHACH

Áirítear an t-ioncam agus na costais a leanas maidir le feidhmeanna a bhaineann le tobhach i Nóta 3, 5 agus 6.

| | **2021** | **2020** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| **Ioncam** | | |
| Ioncam ó Thobhach | 2,722,991 | 2,567,924 |
| Ioncam Eile | 24 | 23 |
| | 2,723,015 | 2,567,947 |
| **Caiteachas** | | |
| **Pá** | | |
| Tuarastail agus Pá | 1,156,779 | 843,949 |
| Pinsean | - | 1,086 |
| Oiliúint foirne | 23,539 | 15,125 |
| | 1,180,318 | 860,160 |
| **Neamhphá** | | |
| Postas & Teileachumarsáid | 14,132 | 15,201 |
| Trealamh & Seirbhísí TF | 92,394 | 109,067 |
| Clódóireacht & Páipéarachas | 5,088 | 11,355 |
| Taisteal & Cothabháil | 29 | 539 |
| Áitreabh Oifige & Cothabháil Ghinearálta | 220,281 | 147,560 |
| Speansais Teagmhasacha | 14,796 | 13,107 |
| Caiteachas a bhaineann le AD | 8,991 | 3,900 |
| Táillí dlí | - | 542 |
| Iniúchadh inmheánach agus Cuntasóireacht | 41,805 | 45,342 |
| Táillí iniúchta | 4,900 | 12,250 |
| Margaíocht, Cur Chun Cinn & Gníomhaíochtaí Feasachta do Thomhaltóirí | 985,964 | 875,303 |
| Comhairleoireacht eile | 40,223 | 6,634 |
| Earcaíocht | 9,552 | 4,950 |
| Táillí Gníomhaireachta | 18,239 | |
| Ionad Glaonna | 114,748 | ¯99,190 |
| Árachas | 18,523 | 10,945 |
| Muirir Bainc | 2,390 | 170 |
| Gluaiseachtaí maidir le soláthar d'fhiacha amhrasacha | (983) | (861) |
| Ús um íoc pras & Cúiteamh | 9 | |
| | 1,591,081 | 1,355,194 |
| Caiteachas Iomlán | 2,771,399 | 2,215,354 |
| **Barrachas / (Easnamh) don bhliain** | (48,384) | 352,593 |
| Barrachas amhail an 1 Eanáir | 414,369 | 61,776 |
| Easnamh amhail an 31 Nollaig | 365,985 | 414,369 |

**8. MAOIN, FEARAS & TREALAMH**

| | Crua-Earraí | Crua-Earraí Bogearraí TF | Troscán | Trealamh Oifige | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|
| | € | € | € | € | € |
| **Costas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2021 | 403,536 | 282,248 | 50,577 | 112,759 | 849,120 |
| Breiseanna | 8,419 | 1,095 | - | - | 9,514 |
| Diúscairtí | (19,814) | - | - | - | (19,814) |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | **392,141** | 283,343 | 50,577 | 112,759 | **838,820** |
| **Dímheas** | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2021 | 232,271 | 264,137 | 20,302 | 90,735 | 607,445 |
| Muirear don bhliain | 57,363 | 12,323 | 8,144 | 21,496 | 99,326 |
| Diúscairtí | (19,814) | - | - | - | (19,814) |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | **269,820** | **276,460** | **28.446** | **112,231** | **686,957** |
| **Glanluach de réir na Leabhar** | | | | | |
| Amhail an 31 Nollaig 2021 | **122,321** | **6,883** | **22,131** | **528** | **151,863** |
| Amhail an 31 Nollaig 2020 | **171,265** | **18,111** | **30,275** | **22,024** | **241,675** |

| 9. INFHÁLTAIS | Amhail an 31 Nollaig 2021 | Amhail an 31 Nollaig 2020 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Tobhach | (1,519) | 8,238 |
| Lúide: Soláthar d'fhiacha amhrasacha | 50 | (1,760) |
| Réamhíocaíochtaí | 360,860 | 247,950 |
| Féichiúnaithe Eile | 26,652 | 45,546 |
| | 385,943 | 299,974 |

Luachanna cóir na bhféichiúnaithe agus gar-réamhíocaíochtaí ar a gcuid suimeanna glanluacha. Tá gach féichiúnaí dlite laistigh de bhliain amháin. Léirítear féichiúnaithe iar-laige maidir le fiacha amhrasacha.

| 10. 12 SUIMEANNA INÍOCTHA | Amhail an 31 Nollaig 2021 | Amhail an 31 Nollaig 2020 |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Creidiúnaithe | 558,279 | 67,271 |
| Fabhruithe | 698,240 | 363,624 |
| Cáin Shiarchoinneálach ar Sheirbhísí Gairmiúla | 83,320 | 47,273 |
| Cáin Bhreisluacha | 50,759 | 35,153 |
| Creidiúnaí Eile | - | 5,990 |
| Dlite do Tháillí Iarratais DETE | 107,376 | 66,675 |
| Mar gheall ar Aisíocaíocht Deontas ECC DETE | 20,813 | - |
| | 1,518,787 | 585,986 |

Tá cáin agus árachas sóisialta faoi réir théarma na reachtaíochta ábhartha. Fabhraíonn ús i leith íocaíochtaí déanacha. Ní raibh aon ús dlite ag dáta deiridh na bliana airgeadais. Tá téarmaí na bhfabhruithe bunaithe ar na conarthaí bunúsacha. Tá suimeanna eile a áirítear laistigh de chreidiúnaithe nach bhfuil clúdaithe ag nochtuithe nóta ar leith neamhurraithe, saor ó ús agus inaisoctha ar éileamh.

## 11. CUNTAS CAIPITIL

| | Amhail an 2021 Nollaig 2021 € | Amhail an 2020 Nollaig 2020 € |
|---|---|---|
| Iarmhéid tosaigh | 241,675 | 176,202 |
| **Aistriú chuig Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas** | | |
| Deontais a baineadh úsáid astu chun sócmhainní seasta a fháil | 9,514 | 162,983 |
| Amúctha ar aon dul le dímheas sócmhainne | (99,326) | (97,510) |
| Aistriú (chuig)/ón Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas | (89,812) | 65,473 |
| Iarmhéid Deiridh don bhliain dar chríoch an 31 Nollaig | 151,863 | 241,675 |

## 12. COSTAIS SOCHAIR SCOIR

### i.Soláthar Foirne an Choimisiúin

In 2014, cheadaigh an tAire Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, le toiliú ón Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, scéim aoisliúntais d'fhoireann an Choimisiúin faoi fhorálacha alt 29 den Acht um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí, 2014.
Is comhaltaí den Scéim Pinsean Seirbhíse Poiblí Aonair baill foirne nua, arna bhfostú ag an gCoimisiún i ndiaidh an 1 Eanáir 2013 i gcomhréir leis an Acht um Pinsin na Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile), 2012. Aistrítear asbhaintí ó thuarastail foirne chuig an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe ar bhonn míosúil i gcomhréir leis an Acht.

### ii. Anailís ar na costais iomlána sochair scoir a gearradh ar an Ráiteas ar Ioncam agus Caiteachas agus Cúlchistí Ioncaim Coinnithe

| | 31 Nollaig 2021 € | 31 Nollaig 2020 € |
|---|---|---|
| Costas seirbhíse reatha | 2,784,000 | 1,837,000 |
| Ús ar dhliteanais na scéime sochair scoir | 468,000 | 523,000 |
| Lúide ranníocaíochtaí Fostaithe | (373,000) | (325,000) |
| | 2,879,000 | 2,035,000 |

### iii.Gluaisteacht in oibleagáidí sochair scoir glana le linn na bliana airgeadais

| 31 Nollaig | 2021 € | Nollaig 2020 € |
|---|---|---|
| Glanoibleagáid sochair scoir an 1 Eanáir | (44,362,000) | (35,775,000) |
| Costais Sheirbhíse Reatha | (2,784,000) | (1,837,000) |
| Costais úis | (468,000) | (523,000) |
| Sochair a íocadh sa tréimhse | 667,000 | 454,000 |
| Taithí (caillteanas) ar dhliteanais | 382,000 | (2,815,000) |
| Iarsheirbhísí (caillteanas) | - | - |
| Athruithe i mboinn tuisceana achtúireacha | (3,219,000) | (3,866,000) |
| Oibleagáidí sochair scoir glan amhail an 31 Nollaig | (49,784,000) | (44,362,000) |

**iv.Sócmhainn maoinithe iarchurtha do shochair scoir**

Aithníonn an Coimisiún na suimeanna sin atá dlite ón Stát don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do shochair scoir atá bunaithe ar an tsraith de bhonn tuisceana a ndéantar cuir síos uirthi thuas chomh maith le roinnt imeachtaí san am a caitheadh. Áirítear ar an himeachtaí sin an bonn reachtúil do bhunú na scéime sochair scoir agus an beartas agus an cleachtas atá i bhfeidhm faoi láthair maidir le pinsin seirbhíse poiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí ó fhostaithe agus an próiseas meastachán bliantúil. Níl aon fhianaise ag an gCoimisiún nach leanfaidh an beartas maoinithe seo de shuimeanna den chineál sin a chomhlíonadh de réir mar atá faoi láthair.

Is mar seo leanas ata an glan-mhaoiniú Iarchurtha do shochair scoir a aithnítear sa Ráiteas maidir le hIoncam agus Caiteachas agus sna Cúlchistí Ioncaim Coinnithe:

| | 31 Nollaig 2021 € | 31 Nollaig 2020 € |
|---|---|---|
| Maoiniú in-aisghabhála maidir leis an bhliain reatha scoir | | |
| Costais i leith sochair | 3,252,000 | 2,360,000 |
| Sochair a íocadh sa bhliain | (667,000) | (454,000) |
| | 2,585,000 | 1,906,000 |

B'ionann an tsócmhainn mhaoinithe iarchurtha do phinsin amhail an 31 Nollaig 2021 agus €49,784, 000

**v.Stair na n-oibleagáidí sochair shainithe**

| | 2021 €'000 | 2020 €'000 | 2019 €'000 | 2018 €'000 | 2017 €'000 |
|---|---|---|---|---|---|
| Oibleagáidí sochair shainithe | 49,784 | 44,362 | 35,775 | 23,663 | 22,497 |
| Taithí Caillteanais / (Gnóthachain) ar dliteanais scéime sochair shainithe | (382) | 2,815 | 257 | 646 | 1,312 |
| Céatadán de dhliteanais Plean | (0. 8%) | 6.3% | 0.7% | 2.7% | 5.8% |

**vi.Cur síos ar an scéim**

<u>Scéim an Choimisiúin</u>

Is socrú pinsin ar an tuarastal deiridh shochair shainithe í an scéim pinsin le sochair agus ranníocaíochtaí atá sainmhínithe trí thagairt do "mhúnla" reatha rialúcháin scéimeanna earnála poiblí. Soláthraíonn an scéim pinsean (aon ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse), aisce nó cnapshuim (trí ochtódú in aghaidh na bliana seirbhíse) agus pinsin do chéile agus leanaí. 65 bliain an Ghnáthaois Scoir agus tá comhaltaí a thosaigh roimh 2004 i dteideal dul ar scor gan asbhaint achtúireach ó aois a 60 bliain. De ghnáth méadaíonn pinsin atá le íoc (agus iarchurtha) de réir bhoilsciú tuarastail ghinearálta na hearnála poiblí.

Scéim Aonair

Is scéim pinsin ceirde do sheirbhísigh phoiblí ar fostú ón mbliain 2013 í an Scéim Aonair. Is scéim pinsin shochair shainithe í, lena mbaineann sochair scoir atá bunaithe ar mheánphá le linn gairme. Gineann an scéim creidmheasanna pinsin agus creidmheasanna cnapshuime scoir do gach comhalta de chuid na scéime. Fabhraíonn na creidmheasanna airgid sin, a dtugtar "suimeanna inchurtha" orthu ina gcéatadáin de phá ar bhonn leanúnach. Déantar na suimeanna inchurtha a fhabhraítear gach bliain a athluacháil uair sa bhliain go dtí dul ar scor ag teacht le harduithe ar bhoilsciú (Praghasinnéacs Tomhaltóirí). Is ionann an pinsean iomlán a bhronntar ar dul ar scor agus gnóthachain iomlán de shuimeanna inchurtha pinsin chomhalta scéime agus is ionann cnapshuim scoir a bhronntar, ar an dóigh chéanna, agus suimeanna inchurtha iomlán cnapshuime chomhalta na scéime.

Luacháil

Tá an luacháil a úsáidtear do nochtadh FRS 102 bunaithe ar luacháil achtúireach ag achtúire cáilithe neamhspleách agus ina nglactar san áireamh ceanglais an FRS d'fhonn dhliteanais na scéime a mheas amhail an 31 Nollaig 2021.

Ba mar seo a leanas a bhí na príomhbhoinn tuisceana achtúireacha a úsáideadh chun chostas an tsochair shainithe a ríomh an bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2021:

| | **31 Nollaig 2021** | **31 Nollaig 2020** |
|---|---|---|
| Ráta lascaine | 1.50% | 1.00% |
| Ráta boilscithe | 2.20% | 1.45% |
| Méaduithe Tuarastal | 4.20% | 3.45% |
| Arduithe ar phinsean | 3.70% | 2.95% |

Éascaíonn an bonn básmhaireachta a glacadh ionchas saoil a fheabhsú thar ama, chun go mbraithfidh ionchas saoil ar dul ar scor ar an mbliain ina mbainfidh comhalta aois scoir amach (65 bliana d'aois). Tá líon na gcomhaltaí sa Scéim agus líon na mbásanna róbheag chun anailís a dhéanamh agus chun aon mheastacháin fhiúntacha Scéimoiriúnaithe a chur i dtoll a chéile maidir le leibhéil bhásmhaireachta amach anseo. Meán-ionchas saoil amach anseo de réir táblaí mortlaíochta a úsáideadh chun dliteanais pinsean a chinneadh:

| | **31 Nollaig 2021 Blianta** | **31 Nollaig 2020 Blianta** |
|---|---|---|
| Fear aois 65 | 21.8 | 21.8 |
| Bean aois 65 | 24.1 | 24.1 |

## 13. ÍOCAÍOCHTAÍ DÉANACHA IN INDIRBHEARTA TRÁCHTÁLA

Is ar an gCoimisiún atá an fhreagracht fhoriomlán maidir le comhlíontacht na heagraíochta leis an Acht um Íoc Pras Cuntas, 1997 a tháinig i bhfeidhm an 2 Eanáir 1998, agus le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2012, a tháinig i bhfeidhm an 16 Márta 2013. Tá an fhreagracht seo tarmligthe ag an gCoimisiún don lucht bainistíochta.

Tá rialuithe agus nósanna imeachta sa chóras rialaithe inmheánaigh a bhreithnítear a bheith riachtanach lena chinntiú go gcomhlíontar an tAcht. Áirítear i gcóras rialaithe inmheánaigh na heagraíochta rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaire atá leagtha amach chun sainaithint shonraisc agus chonarthaí d'íocaíochta a chinntiú laistigh de na dátaí íocaíochta fhorordaithe mar a shainmhínítear san Acht. Tá na rialuithe seo leagtha amach chun dearbhú réasúnach, cé nach dearbhú iomlán é, in aghaidh neamhchomhlíontacht leis an Acht. Tá an Coimisiún sásta gur chomhlíonadh sé le forálacha na hAchta maidir le gach gné ábhartha. Íocadh ús íocaíochta €43 sa bhliain

## 14. CEANGALTAIS CHAIPITIL

Ní raibh ceangaltais chaipitil ar bith ann ar an 31 Nollaig 2021.

## 15. DLITEANAIS THEAGMHASACHA

Ní raibh aon dliteanais theagmhasacha ann amhail an 31 Nollaig 2021.

## 16. NOCHTADH PÁIRTITHE GAOLMHARA

Ghlac an Coimisiún nósanna imeachta i gcomhréir le treoirlínte arna n-eisiúint ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe maidir le Comhaltaí an Choimisiúin ag nochtadh leasa agus cloíodh leis na nósanna imeachta sin i rith na bliana. Ní raibh aon idirbheart i gceist sa tréimhse maidir le gníomhaíochtaí an Choimisiúin lenar bhain aon leas tairbhiúil leo do Chomhaltaí an Choimisiúin. Aithnítear an Coimisiún anois mar chomhlacht poiblí faoi na hAchtanna um Eitic in Oifigí Poiblí, 1995 agus 2001 agus i gcomhréir le hIonstraim Reachtúil Uimh 607 de 2008, a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 2009, tá sé d'oibleagáid ar Chomhaltaí an Choimisiúin dearbhú leasanna a chur ar aghaidh chuig an gCoimisiún um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí maidir leis an tréimhse dar chríoch an 31 Nollaig 2021.

Tá na príomhphearsanra bainistíochta sa Choimisiún comhdhéanta de Chathaoirleach agus de Chomhaltaí an Choimisiúin (suas le 6 ar a mhéad). Ba ionann an luach saothair iomlán a íocadh le príomhphearsanra bainistíochta sa bhliain 2021 agus €553,256 (2020: €640,210). Athraíonn líon Chomhaltaí an Choimisiúin ó am go ham. Ba é 4 phost Comhaltaí an Choimisiúin in 2021 ar fad agus méadófar go 5 in 2022 é.

Is comhaltaí iad na príomhphearsanra bainistíochta de scéim neamh-mhaoinithe sochair shainithe na hearnála poiblí agus ní théann a gcuid teidlíochtaí pinsin thar théarmaí na scéime pinsin seirbhíse poiblí ábhartha.

## 17. TIOMANTAIS LÉASA

Níl talamh ná foirgnimh faoi úinéireacht an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí. Tá tiomantais ag an gCoimisiún maidir le cóiríocht oifige a léasú ag Teach Bloom, Sráid an Iarnróid, Baile Átha Cliath 1. Tá an léas sin i seilbh Oifig na nOibreacha Poiblí ar feadh tréimhse 20 bliana, tréimhse a thosaigh in 2015.

Leagann an Coimisiún amach sa tábla thíos a thiomantais mheasta maidir le híocaíochtaí bliantúla chuig an OPW thar thréimhse an léasa atá idir an OPW agus an tiarna talún:

| | **2021** | **2020** |
|---|---:|---:|
| | **€** | **€** |
| Iníoctha laistigh de bhliain | 965,118 | 663,633 |
| Iníoctha laistigh de dhá bhliain go cúig bliana | 3,860,471 | 2,654,528 |
| Iníoctha tar éis cúig bliana | 8,444,781 | 6,470,421 |
| | **13,270,370** | **9,788,582** |

In 2022, cuireadh an CCPC ar an eolas faoi mhuirear cíosa siardhátaithe leasaithe tar éis athbhreithniú cíosa faoi théarmaí an léasa. Ba ionann íocaíochtaí léasa oibriúcháin atá aitheanta mar chaiteachas agus €1,000,682 lena n-áirítear riaráistí de €326,608. (2020: €671,313).

## 18. IMEACHTAÍ I nDIAIDH NA TRÉIMHSE TUAIRISCITHE

Níl aon eachtraí ann idir dáta tuairiscithe na ráitis airgeadais agus an dáta ar ceadaíodh na ráitis airgeadais seo le heisiúint a dteastaíonn coigeartú a dhéanamh ar na ráitis airgeadais dá mbarr.

## 19. FORMHEAS NA RÁITEAS AIRGEADAIS

Cheadaigh Coimisiún an Choimisiúin um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí na ráitis airgeadais ag cruinniú dá chuid an 24ú Meitheamh 2022.